

## Aguisín B: Gluais téarmaí

Téarma	Léirmhíniú
Ceantar	Úsáidtear an focal ceantar i dtíreolaíocht chun áit a aithint.
Athrú	Is focal ar leith é athrú a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an athrú a tháinig ar rud agus an chuma atá air anois. Tugtar ‘próisis athraithe’ ar na próisis éagsúla a chruthaíonn athrú.
Dlús	Tugtar dlús ar an méid ruda atá i limistéar, km <sup>2</sup> de ghnáth. Úsáidtear é go minic sa tíreolaíocht chun cur síos a dhéanamh ar dhlús daonra - líon daoine in aghaidh an km <sup>2</sup> .
Dáileadh	Úsáidtear dáileadh chun cur síos a dhéanamh ar shuíomh ruda agus tíreolaíocht ar bun agat.
Timpeallacht	Is focal úsáideach é timpeallacht a chuireann síos ar ‘an domhan atá dár dtimpeallú’. Úsáidtear go minic é nuair a dhéantar cur síos ar an ngá chun an timpeallacht a chosaint.
Toisc	Tugtar toisc ar an tionchar a bhíonn ag an toisc sin ar airí nó ar fheiniméin.
Feidhm	Tugtar feidhm ar an tseirbhís a chuireann úsáid talún ar fáil; cuireann scoil oideachas ar fáil; cuireann séipéal seirbhís reiligiúnach ar fáil, mar shampla.
Grafacht	Tugtar grafacht ar an gcumas atá ag duine mapaí, grianghraif, táblaí, graif agus cairteacha a chur le chéile, a léamh agus a léirmhíniú.
Tírghné	Is ionann gné thírdhreacha fhisiciúil ar bith agus tírghné, m.sh. eas, lúb, sliabh.
Suíomh	Úsáidtear suíomh chun cur síos a dhéanamh ar shuíomh ruda nó chun suíomh ruda a dheimhniú.
Úsáid talún	Úsáid ar bith a bhaintear as talamh. Is úsáid talún é scoil.
Ceantar	Is ionann ceantar agus áit ar bith a bhfuil lorg duine uirthi. Is spás é cathair; Is spás é Cathair Chorcaí.
Réigiún	Tugtar réigiún ar limistéar ar leith atá ar dhromchla an Domhain nach bhfuil

	cosúil le limistéar ar bith eile ar bhealach amháin nó eile.
Scála	Is focal úsáideach é scála chun cur síos a dhéanamh ar 'leibhéal mionsonraí'. Déanaimid scrúdú ar shaincheisteanna ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Lena chois sin, tugtar scála ar an gcaidreamh atá idir achar talún agus an t-achar céanna ar léarscáil.
Spás	Úsáidtear spás chun tagairt a dhéanamh do shuíomh nó d'achar talún. Ní bhaineann duine ar bith leis an suíomh nó leis an gceantar teibí seo.
Inbhuanaitheacht	Úsáidtear inbhuanaitheacht chun cur síos a dhéanamh ar cé chomh inbhuanaithe is atá gníomh. Is gníomh inbhuanaithe é an gníomh má éiríonn leis dul i ngleic le riachtanais na linne seo agus gan a bheith ag cur isteach ar riachtanais na nglún atá le teacht.
Córas	Tugtar córas ar an gcaoi a gcuirtear síos ar rud nó ar an gcaoi a ndéantar rud.